



12856/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0108(COD)**

JAI 971
COPEN 336
CYBER 223
DROIPEN 149
JAIEX 128
ENFOPOL 491
DAPIX 303
EJUSTICE 131
MI 690
TELECOM 324
DATAPROTECT 207
CODEC 1606

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	12115/18
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le horduithe Eorpacha chun r-fhianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair r-fhianaise in ábhair choiriúla - Díospóireacht bheartais

1. I mí an Mheithimh 2016, d'iarr an Chomhairle go mbeadh cur chuige comhchoiteann ag an Aontas chun an ceartas coiriúil sa chibearspás a fheabhsú. Iarradh, go háirithe, go mbeadh bearta ann chun an comhar le soláthraithe seirbhíse nach bhfuil lonnaithe san Aontas a chuíchóiriú agus uirlisí gasta a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha chun r-fhianaise a fháil. Tar éis dianphróiseas agus dianchomhairliúcháin saineolaithe leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, thíolaic an Coimisiún i mí Aibreáin 2018 togra le haghaidh Rialachán maidir le horduithe Eorpacha chun r-fhianaise a thabhairt ar aird agus maidir le horduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair r-fhianaise in ábhair choiriúla ("an togra")¹.

¹ 8110/18.

Feictear sa togra seo le sásra malartach a thabhairt isteach in ionad uirlisí an chomhair idirnáisiúnta agus an chúnamh dhlíthiúil fhrithpháirtigh atá ann cheana. Dírítear go sonrach ar na fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar chineál luaineach na r-fhianaise agus ar an ngné "cailliúint na háite sin" trí nósanna imeachta nua a leagan amach chun go mbeidh rochtain trasteorann tapa, éifeachtúil, éifeachtach ann.

2. Tógann an togra ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 82 (1) CFAE é agus forbraíonn sé tuilleadh é, agus déanann sé an deimhneacht dhlíthiúil do na húdaráis, do na soláthraithe seirbhíse agus do na daoine dá ndéantar difear a áirithiú ag an am céanna. Déantar foráil ann freisin go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach, faoi réir rialacha áirithe, sa stát eisiúna dul i dteagmháil go díreach leis an soláthraí seirbhíse nó lena ionadaí dlíthiúil i mBallstát eile faoi ordú. Ní gá don údarás breithiúnach sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhíse nó a ionadaí dlíthiúil lonnaithe a bheith rannpháirteach leis faoin tráth seo. Ní idirghabhfaidh an t-údarás ach i gcás inar gá ordú a aithint agus a fhorfheidhmiú i gcás nach gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse an t-ordú.
3. Mar gheall ar na riachtanais shonracha oibríochtúla agus ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le rochtain ar r-fhianaise, ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith Ballstát an fhorbairt atá beartaithe, rud a chuireann i dtreis go bhfuil gá le réiteach praiticiúil éifeachtach gasta atá bunaithe ar an iontaoibh fhrithpháirteach.
4. Chuir toscaireachtaí eile údair éagsúla imní in iúl agus mhol siad go dtabharfaí oibleagáid isteach chun deis a thabhairt do Bhallstát eile páirt a ghlacadh sa nós imeachta trí fhógra a thabhairt d'údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit sin, lena bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an ordaithe agus ar aon bhacainní ar a fhorghníomhú. De dhroim thoradh an mheasúnaithe sin, bheadh deis ag na húdaráis bhreithiúnacha agóid a dhéanamh in aghaidh fhorghníomhú an ordaithe.

5. Rinne na saineolaithe dhá réiteach éagsúla a phlé go mion i dtaobh nós imeachta um fhógra den saghas sin:

- fógra a thabhairt do Bhallstát an tsoláthraí seirbhíse nó dá ionadaí dlíthiúil, nó
- fógra a thabhairt do Bhallstát an duine a raibh a chuid sonraí á lorg.

6. Léiríodh sna díospóireachtaí go bhfuil tacaíocht ann don réiteach a leagtar amach sa dréachtrialachán agus do na tograí éagsúla maidir le fógra a thabhairt, ach go bhfuil amhras ann ina leith chomh maith.

Ós rud é gur croílár an togra é an tsaincheist seo a bhfuil ina bonn taca faoi, ba cheart soiléiriú a thabhairt ina thaobh ionas gur furasta a bheidh sé dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht. Dá bharr sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht scéala a fháil ó na hairí:

- cibé an ndéantar an cur chuige a leagtar amach sa dréachtrialachán a dheimhniú; nó
- an mian leo an cur chuige sin a athrú agus córas fógartha a thabhairt isteach.

Sa dara cás acu, cén Ballstát ar cheart fógra a thabhairt dó (an Ballstát forfheidhmiúcháin nó Ballstát an duine dá ndéantar difear).

I bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus le go dtabharfar an chaibidlíocht chun críche go tráthúil faoi mhí na Nollag, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí réiteach ina bhforáiltear go dtabharfar fógra *le haghaidh faisnéise* d'údaráis an Bhallstáit forfheidhmiúcháin nó d'údaráis Bhallstát an duine dá ndéantar difear a áireamh mar chomhréiteach. Ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás dá dtugtar fógra dul i gcomhairliúchán leis an mBallstát eisiúna gan an ceart a bheith aige agóid a dhéanamh in aghaidh fhorfheidhmiú an ordaithe sin.